2025/893

15.5.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/893 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Bealtaine 2025

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2191 a mhéid a bhaineann le caighdeáin chomhchuibhithe maidir le gairis le haghaidh teileachumarsáid dhigiteach neartaithe gan sreang, gairis ghearr-raoin, córais satailíte, córais tarchurtha sonraí leathanbhanda agus banda leathan, córais idirnáisiúnta mhóibíleacha teileachumarsáide, radair aerloingseoireachta agus mheitéareolaíocha, trealamh WAS/RLAN 5 agus 6 GHz, físnaisc dhigiteacha gan sreang, agus ardchórais treoraíochta agus rialaithe gluaiseachtaí ar an dromchla

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 16 de Threoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), trealamh raidió atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe nó le codanna de chaighdeáin chomhchuibhithe ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glactar leis go bhfuil sé i gcomhréir leis na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Airteagal 3 den Treoir sin i gcás ina gcumhdaítear iad leis na caighdeáin sin nó le codanna sin díobh.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2015) 5376 ón gCoimisiún ([3]), chuir an Coimisiún iarraidh faoi bhráid Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (Cenelec) agus Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide go ndéanfaí caighdeáin chomhchuibhithe maidir le trealamh raidió a dhréachtú agus a athbhreithniú chun tacú leis na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach i dTreoir 2014/53/AE agus a chumhdaítear le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh sin ('an iarraidh').

(3) Ar bhonn na hiarrata, dhréachtaigh ETSI caighdeáin chomhchuibhithe EN 301 406-2 V3.1.1, EN 301 489-3 V2.3.2, EN 301 489-17 V3.3.1, EN 301 489-19 V2.2.1, EN 301 489-54 V1.1.1, EN 301 908-23 V15.1.1, EN 301 908-24 V15.1.1, EN 301 908-25 V15.1.1, EN 303 363-2 V1.1.1, EN 303 661 V1.1.1, EN 303 687 V1.1.1, EN 303 753 V1.1.1, EN 304 220-1 V1.2.1 agus EN 304 220-2 V1.2.1.

(4) Ar bhonn na hiarrata, rinne ETSI athbhreithniú freisin ar chaighdeáin chomhchuibhithe EN 301 489-52 V1.2.1, EN 301 893 V2.1.1, EN 301 908-3 V13.1.1, EN 301 908-13 V13.2.1, EN 302 064-2 V1.1.1, EN 303 213-5-1 V1.1.1, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2191 ón gCoimisiún ([4]). Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh caighdeáin chomhchuibhithe EN 301 489-52 V1.3.1, EN 301 893 V2.2.1, EN 301 908-3 V15.1.1, EN 301 908-13 V13.3.1, EN 302 064 V2.2.1 agus EN 303 213-5-1 V2.1.1.

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj.

([2]) Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/5/CE (IO L 153, 22.5.2014, lch. 62, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/53/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2015) 5376 ón gCoimisiún an 4 Lúnasa 2015 maidir le hiarraidh um chaighdeánú ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil agus ar Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide, mar atá, caighdeánú maidir le trealamh raidió chun tacú le Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2191 ón gCoimisiún an 8 Samhain 2022 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe le haghaidh trealamh raidió a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 289, 10.11.2022, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/2191/oj).

(5) Rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar le ETSI féachaint an gcomhlíonann na caighdeáin chomhchuibhithe sin an iarraidh.

(6) Maidir le caighdeáin chomhchuibhithe EN 301 908-23 V15.1.1, EN 301 908-24 V15.1.1, EN 301 908-25 V15.1.1, EN 303 363-2 V1.1.1, EN 303 661 V1.1.1, EN 303 753 V1.1.1, EN 304 220-1 V1.2.1, EN 304 220-2 V1.2.1, EN 301 893 V2.2.1, EN 301 908-3 V15.1.1 agus EN 302 064 V2.2.1, comhlíonann siad na ceanglais fhíor-riachtanacha is aidhm dóibh a chumhdach agus a leagtar amach in Airteagal 3 de Threoir 2014/53/AE. Is iomchuí, dá bhrí sin, na tagairtí a bhaineann leis na caighdeáin sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(7) Le caighdeáin chomhchuibhithe EN 301 489-3 V2.3.2, EN 301 489-17 V3.3.1, EN 301 489-19 V2.2.1, EN 301 489-54 V1.1.1 agus EN 301 489-52 V1.3.1, ní thugtar aghaidh ar cheanglais maidir le hastaíochtaí sa bhanda minicíochta faoi bhun 9 kHz. Ina theannta sin, leagtar síos leo critéir fheidhmíochtbhunaithe ar bhonn suibiachtúil. Dá bhrí sin, ba cheart na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maille le srian.

(8) Le caighdeán comhchuibhithe EN 301 406-2 V3.1.1, ní leagtar síos teorainn oibiachtúil maidir leis an gcritéar feidhmíochta íosta glacadóra le haghaidh trealamh nach dtacaíonn le tástáil tréchuir ná le tástáil ráta earráide paicéad. Ina theannta sin, ní leagtar síos leis an gcaighdeán comhchuibhithe sin coinníollacha tástála oibiachtúla maidir le hastaíochtaí neamh-inmhianaithe tarchuir. Dá bhrí sin, ba cheart an tagairt don chaighdeán comhchuibhithe sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maille le srianta.

(9) Le caighdeán comhchuibhithe EN 301 908-13 V13.3.1, ní thugtar aghaidh ar íogaireacht radaithe iomlán an ghlacadóra ná ar chumhacht radaithe iomlán le haghaidh gairis atá níos cúinge ná 56 mm nó níos leithne ná 72 mm. Dá bhrí sin, ba cheart an tagairt don chaighdeán comhchuibhithe sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maille le sriain.

(10) Le caighdeán comhchuibhithe EN 303 213-5-1 V2.1.1, ní thugtar aghaidh ar cheanglais a bhaineann leis an uaschumhacht aschuir tarchurtha. Dá bhrí sin, ba cheart an tagairt don chaighdeán comhchuibhithe sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maille le sriain.

(11) Le caighdeán comhchuibhithe EN 303 687 V1.1.1, ní thugtar aghaidh go leormhaith ar ghairis chaolbhanda. Ina theannta sin, tá an tástáil i gclásal B.7.2 bunaithe ar shonraíocht neamhnochta arna bunú ag Cumann Caighdeán Institiúid na nInnealtóirí Leictreacha agus Leictreonacha. Dá bhrí sin, ba cheart an tagairt don chaighdeán comhchuibhithe sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maille le srianta.

(12) In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2191 tugtar na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe lena dtugtar le fios go nglactar leis go bhfuil comhréir ann le Treoir 2014/53/AE. Chun a áirithiú gur in aon ghníomh amháin a liostaítear na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/53/AE, ba cheart na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas a chur san Iarscríbhinn sin. EN 301 908-23 V15.1.1, EN 301 908-24 V15.1.1, EN 301 908-25 V15.1.1, EN 303 363-2 V1.1.1, EN 303 661 V1.1.1, EN 303 753 V1.1.1, EN 304 220-1 V1.2.1 agus EN 304 220-2 V1.2.1, EN 301 893 V2.2.1, EN 301 908-3 V15.1.1 agus EN 302 064 V2.2.1. Thairis sin, ba cheart na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas a chur san Iarscríbhinn sin maille le srianta: EN 301 406-2 V3.1.1, EN 301 489-3 V2.3.2, EN 301 489-17 V3.3.1, EN 301 489-19 V2.2.1, EN 301 489-54 V1.1.1, EN 303 687 V1.1.1, EN 301 489-52 V1.3.1, EN 301 908-13 V13.3.1 agus EN 303 213-5-1 V2.1.1.

(13) Dá bhrí sin, is gá na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe athbhreithnithe EN 301 489-52 V1.2.1, EN 301 893 V2.1.1, EN 301 908-13 V13.2.1, EN 301 908-3 V13.1.1, EN 302 064-2 V1.1.1 agus EN 303 213-5-1 V1.1.1. a tharraingt siar as *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(14) Caighdeán comhchuibhithe EN 303 098 V2.2.1 maidir le rochtain ar speictream raidió le haghaidh gairis aimsithe pearsanta muirí de chumhacht íseal lena n-úsáidtear an córas aitheantais uathoibríoch (AIS), caighdeán ar foilsíodh an tagairt dó in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2191, ní chomhlíonann sé na ceanglais a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta maidir le gairis mhuirí chun trasnaíocht dhíobhálach ar AIS a sheachaint mar a leagtar síos i Moladh M.2135 ón Aontas Idirnáisiúnta Teileachumarsáide maidir le saintréithe teicniúla gaireas uathrialach raidió muirí a oibríonn sa bhanda minicíochta 156-162.05 MHz agus ECC/DEC/(22)02 an 1 Iúil 2022 maidir le rialáil chun Gairis Uathrialacha Raidió Mhuirí a oibriú in CEPT. Dá bhrí sin, is iomchuí an tagairt don chaighdeán sin a tharraingt siar as *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(15) Chun dóthain ama a thabhairt do mhonaróirí aon oiriúnú a dhéanamh i ndáil lena dtrealamh raidió a chumhdaítear le caighdeán comhchuibhithe athbhreithnithe EN 301 489-52 V1.2.1, EN 301 893 V2.1.1, EN 301 908-13 V13.2.1, EN 301 908-3 V13.1.1, EN 302 064-2 V1.1.1 nó EN 303 213-5-1 V1.1.1, nó le caighdeán comhchuibhithe EN 303 098 V2.2.1, is gá tarraingt siar na dtagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe sin a chur siar. Leis na caighdeáin chomhchuibhithe sin, seachas EN 301 893 V2.1.1, ba cheart glacadh leis go bhfuil comhréir ann i gcónaí ar feadh idirthréimhse. A mhéid a bhaineann le caighdeán comhchuibhithe EN 301 893 V2.1.1, ba cheart glacadh leis go bhfuil comhréir ann i gcónaí ar feadh idirthréimhse níos faide mar gheall ar chastacht an tslabhra soláthair.

(16) Na srianta a chuirtear i bhfeidhm maidir le caighdeáin chomhchuibhithe EN 301 489-12 V3.2.1, EN 301 489-20 V2.2.1 agus EN 301 489-52 V1.3.1, ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2191, is gá iad a tharraingt siar tar éis plé laistigh de shainghrúpa an Choimisiúin maidir le trealamh raidió (E03587). Go sonrach, na srianta atá ann faoi láthair le haghaidh na gcaighdeáin comhchuibhithe sin maidir le lamháltais an tsocraithe tástála sin, ní mheastar go bhfuil siad ábhartha ós rud é go ndeimhnítear luachanna na lamháltas sin chun úrscothacht na teicneolaíochta tástála atá ann faoi láthair a léiriú.

(17) Le caighdeáin chomhchuibhithe EN 301 489-12 V3.2.1, EN 301 489-20 V2.2.1 agus EN 301 489-52 V1.3.1, áfach, ní thugtar aghaidh ar cheanglais astaíochtaí sa bhanda minicíochta faoi bhun 9 kHz. Ina theannta sin, leagtar síos leo critéir fheidhmíochtbhunaithe ar bhonn suibiachtúil. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 301 489-12 V3.2.1 agus EN 301 489-20 V2.2.1 a choinneáil in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maille le srianta nua. Thairis sin, ós rud é go ndearnadh athbhreithniú ar EN 301 489-52 V1.3.1, is iomchuí a thagairt a choinneáil in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maille le srianta nua, fad is atá tarraingt siar an chaighdeáin sin á cur siar.

(18) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2191 a leasú dá réir.

(19) Ón dáta a fhoilsítear an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, is rud é comhlíonadh an chaighdeáin sin a fhágann go nglactar leis go bhfuiltear i gcomhréir leis na ceanglais chomhfhreagracha fhíor-riachtanacha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2191 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag pointe (2) den Iarscríbhinn ón an 15 Samhain 2026.

Beidh feidhm ag pointe (3) den Iarscríbhinn ón 15 Bealtaine 2028.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Bealtaine 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2022/2191 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad rónna 52, 53 agus 54:

Uimh.	Uimhir thagartha an chaighdeáin
‘52.	EN 301 489-12 V3.2.1 Caighdeán Comhoiriúnachta Leictreamaighnéadaí (EMC) le haghaidh trealamh agus seirbhísí raidió; Cuid 12: Coinníollacha sainiúla do Theirminéal Cró An-mhion, Stáisiúin Talún a Idirghníomhaíonn le Satailítí a oibrítear sna raonta minicíochta idir 4 GHz agus 30 GHz sa tSeirbhís Satailíte Sheasta; Caighdeán Comhchuibhithe maidir le Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach Fógra 1: Leis an gcaighdeán comhchuibhithe seo, ní thugtar aghaidh ar na ceanglais maidir le hastaíochtaí i mbandaí minicíochta faoi bhun 9 kHz agus dá bhrí sin, ní caighdeán é lena dtugtar le fios go nglactar leis go bhfuil comhréir ann maidir leis an bparaiméadar sin sa bhanda sin. Fógra 2: Ní thugtar le fios le comhlíontacht an chaighdeáin chomhchuibhithe seo go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis an gceanglas fíor-riachtanach a leagtar amach in Airteagal 3(1), pointe (b), de Threoir 2014/53/AE, i gcás ina gcuirtear clásal 6 di i bhfeidhm.
53	EN 301 489-20 V2.2.1 Caighdeán Comhoiriúnachta Leictreamaighnéadaí (EMC) le haghaidh trealamh agus seirbhísí raidió; Cuid 20: Coinníollacha sainiúla maidir le Stáisiúin Talún Mhóibíleacha (MES) a úsáidtear sna Seirbhísí Satailíte Móibíleacha; Caighdeán Comhchuibhithe maidir le Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach Fógra 1: Leis an gcaighdeán comhchuibhithe seo, ní thugtar aghaidh ar na ceanglais maidir le hastaíochtaí i mbandaí minicíochta faoi bhun 9 kHz agus dá bhrí sin, ní caighdeán é lena dtugtar le fios go nglactar leis go bhfuil comhréir ann maidir leis an bparaiméadar sin sa bhanda sin. Fógra 2: Ní thugtar le fios leis an gcaighdeán comhchuibhithe seo go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis an gceanglas fíor-riachtanach a leagtar amach in Airteagal 3(1), pointe (b), de Threoir 2014/53/AE, i gcás ina gcuirtear clásal 6 di i bhfeidhm.
54	EN 301 489-52 V1.2.1 Caighdeán Comhoiriúnachta Leictreamaighnéadaí (EMC) le haghaidh trealamh agus seirbhísí raidió; Cuid 52: Cúinsí ar leith do Threalamh Úsáideora Cumarsáide Ceallaigh (TÚ) trealamh raidió agus coimhdeach; Caighdeán Comhoiriúnaithe do Chomhoiriúnacht Leictreamaighnéadach Fógra 1: Leis an gcaighdeán comhchuibhithe seo, ní thugtar aghaidh ar na ceanglais maidir le hastaíochtaí i mbandaí minicíochta faoi bhun 9 kHz agus dá bhrí sin, ní caighdeán é lena dtugtar le fios go nglactar leis go bhfuil comhréir ann maidir leis an bparaiméadar sin sa bhanda sin. Fógra 2: Ní thugtar le fios leis an gcaighdeán comhchuibhithe seo go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis an gceanglas fíor-riachtanach a leagtar amach in Airteagal 3(1), pointe (b), de Threoir 2014/53/AE, i gcás ina gcuirtear clásal 6 di i bhfeidhm.’;

(2) scriostar rónna 54, 70, 79, 84, 128 agus 133;

(3) scriostar ró 65;

(4) cuirtear na rónna seo a leanas isteach in ord seicheamhach:

Uimh.	Uimhir thagartha an chaighdeáin
‘54a.	EN 301 489-52 V1.3.1 Caighdeán Comhoiriúnachta Leictreamaighnéadaí (EMC) le haghaidh trealamh agus seirbhísí raidió; Cuid 52: Cúinsí ar leith do Threalamh Úsáideora Cumarsáide Ceallaigh (TÚ) trealamh raidió agus coimhdeach; Caighdeán Comhoiriúnaithe do Chomhoiriúnacht Leictreamaighnéadach

Uimh.	Uimhir thagartha an chaighdeáin
	Fógra 1: Leis an gcaighdeán comhchuibhithe seo, ní thugtar aghaidh ar na ceanglais maidir le hastaíochtaí i mbandaí minicíochta faoi bhun 9 kHz agus dá bhrí sin, ní caighdeán é lena dtugtar le fios go nglactar leis go bhfuil comhréir ann maidir leis an bparaiméadar sin sa bhanda sin. Fógra 2: Ní thugtar le fios leis an gcaighdeán comhchuibhithe seo go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis an gceanglas fíor-riachtanach a leagtar amach in Airteagal 3(1), pointe (b), de Threoir 2014/53/AE, i gcás ina gcuirtear clásal 6 di i bhfeidhm.';
'65a.	EN 301 893 V2.2.1 5 GHz WAS/RLAN; Caighdeán Comhchuibhithe maidir le rochtain ar speictream raidió';
'70a.	EN 301 908-13 V13.3.1 Líonraí ceallacha IMT; Caighdeán Comhchuibhithe maidir le rochtain ar speictream raidió; Cuid 13: Trealamh Úsáideora (UE) um Rochtain ar Raidió Trastíre Uilíoch Éabhlóidithe (E-UTRA) Fógra: Leis an gcaighdeán comhchuibhithe seo, ní thugtar aghaidh ar íogaireacht radaithe iomlán an ghlacadóra ná ar an gcumhacht radaithe iomlán, le haghaidh trealamh raidió atá níos cúinge ná 56 mm nó níos leithne ná 72 mm, agus dá bhrí sin ní caighdeán é lena dtugtar le fios go nglactar leis go bhfuil comhréir ann a mhéid a bhaineann le híogaireacht radaithe iomlán an ghlacadóra ná leis an gcumhacht radaithe iomlán.';
'79a.	EN 301 908-3 V15.1.1 Líonraí ceallacha IMT; Caighdeán Comhchuibhithe maidir le rochtain ar speictream raidió; Cuid 3: Stáisiúin Bhunáite (BS) Leata Dhírigh CDMA (UTRA FDD); Eisiúint 15';
'84a.	EN 302 064 V2.2.1 Naisc Físeáin Dhigiteacha Gan Sreang a oibrítear i mbanda minicíochta 1,3 GHz go 50 GHz; Caighdeán Comhchuibhithe maidir le rochtain ar speictream raidió';
'133a.	EN 303 213-5-1 V2.1.1 Ard-chóras Treorach agus Rialaithe um Ghluaiseacht ar Dhromchla (A-SMGCS); Cuid 5: Caighdeán Comhchuibhithe maidir le rochtain ar speictream raidió do threalamh Il-sleasaithe (MLAT); Fo-chuid 1: Glacadóirí agus Córais Cheistiúcháin. Fógra: Leis an gcaighdeán comhchuibhithe seo, ní thugtar aghaidh ar na ceanglais a bhaineann le huaschumhacht aschuir tarchurtha, agus dá bhrí sin ní caighdeán é lena dtugtar le fios go nglactar leis go bhfuil comhréir ann a mhéid a bhaineann leis na ceanglais sin.';

(5) cuirtear na rónna seo a leanas isteach:

Uimh.	Uimhir thagartha an chaighdeáin
'167.	EN 301 406-2 V3.1.1 Teileachumarsáid Gan Sreang Feabhsaithe Digiteacha (DECT); Caighdeán Comhchuibhithe maidir le rochtain ar speictream raidió; Cuid 2: DECT-2020 NR Fógra 1: Leis an gcaighdeán comhchuibhithe seo, ní shainítear critéar feidhmíochta íosta glacadóra oibiachtúil, a dtugtar tuairisc air i gclásal 4.4 de, le haghaidh trealamh raidió nach dtacaíonn le tástáil tréchuir agus le tástáil ar ráta earráide paicéad (PER) a dhéanamh agus, dá bhrí sin, ní caighdeán é lena dtugtar le fios go nglactar leis go bhfuil comhréir ann a mhéid a bhaineann leis an gcritéar sin le haghaidh an trealaimh a dtugtar tuairisc air. Fógra 2: Leis an gcaighdeán comhchuibhithe seo, ní shainítear coinníollacha tástála oibiachtúla maidir le hastaíochtaí neamh-inmhianaithe ó tharchuradóirí, agus dá bhrí sin ní caighdeán é lena dtugtar le fios go bhfuil comhréir ann a mhéid a bhaineann leis an bparaiméadar sin.

Uimh.	Uimhir thagartha an chaighdeáin
168.	EN 301 489-3 V2.3.2 Caighdeán Comhoiriúnachta Leictreamaighnéadaí (EMC) le haghaidh trealamh agus seirbhísí raidió; Cuid 3: Coinníollacha sainiúla do Ghairis Ghearr-raoin (SRD) a oibrítear ar raonta idir 9 kHz go 246 GHz; Caighdeán Comhchuibhithe maidir le Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach Fógra 1: Leis an gcaighdeán comhchuibhithe seo, ní thugtar aghaidh ar na ceanglais maidir le hastaíochtaí i mbandaí minicíochta faoi bhun 9 kHz agus dá bhrí sin, ní caighdeán é lena dtugtar le fios go nglactar leis go bhfuil comhréir ann maidir leis an bparaiméadar sin sa bhanda sin. Fógra 2: Ní thugtar le fios leis an gcaighdeán comhchuibhithe seo go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis an gceanglas fíor-riachtanach a leagtar amach in Airteagal 3(1), pointe (b), de Threoir 2014/53/AE, i gcás ina gcuirtear clásal 6 di i bhfeidhm.
169.	EN 301 489-17 V3.3.1 Caighdeán Comhoiriúnachta Leictreamaighnéadaí (EMC) le haghaidh trealamh agus seirbhísí raidió; Cuid 17: Coinníollacha sainiúla maidir le Córais Tarchurtha Sonraí Leathanbhanda agus Banda Fhairsing; Caighdeán Comhchuibhithe maidir le Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach Fógra 1: Leis an gcaighdeán comhchuibhithe seo, ní thugtar aghaidh ar na ceanglais maidir le hastaíochtaí i mbandaí minicíochta faoi bhun 9 kHz agus dá bhrí sin, ní caighdeán é lena dtugtar le fios go nglactar leis go bhfuil comhréir ann maidir leis an bparaiméadar sin sa bhanda sin. Fógra 2: Ní thugtar le fios leis an gcaighdeán comhchuibhithe seo go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis an gceanglas fíor-riachtanach a leagtar amach in Airteagal 3(1), pointe (b), de Threoir 2014/53/AE, i gcás ina gcuirtear clásal 6 di i bhfeidhm.
170.	EN 301 489-19 V2.2.1 Caighdeán Comhoiriúnachta Leictreamaighnéadaí (EMC) le haghaidh trealamh agus seirbhísí raidió; Cuid 19: Coinníollacha sonracha maidir le Stáisiúin Talún Mhóibíleacha Glactha Amháin (ROMES) a oibríonn sa bhanda 1,5 GHz a sholáthraíonn cumarsáid sonraí agus glacadóirí GNSS a oibríonn sa bhanda RNSS a sholáthraíonn sonraí suite, loingseoireachta agus uainiúcháin; Caighdeán Comhchuibhithe maidir le Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach Fógra 1: Leis an gcaighdeán comhchuibhithe seo, ní thugtar aghaidh ar na ceanglais maidir le hastaíochtaí i mbandaí minicíochta faoi bhun 9 kHz agus dá bhrí sin, ní caighdeán é lena dtugtar le fios go nglactar leis go bhfuil comhréir ann maidir leis an bparaiméadar sin sa bhanda sin. Fógra 2: Ní thugtar le fios leis an gcaighdeán comhchuibhithe seo go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis an gceanglas fíor-riachtanach a leagtar amach in Airteagal 3(1), pointe (b), de Threoir 2014/53/AE, i gcás ina gcuirtear clásal 6 di i bhfeidhm.
171.	EN 301 489-54 V1.1.1 Caighdeán Comhoiriúnachta Leictreamaighnéadaí (EMC) le haghaidh trealamh agus seirbhísí raidió; Cuid 54: Coinníollacha sainiúla maidir le radair aerloingseoireachta agus mheitéareolaíochta seasta ón talamh; Caighdeán Comhchuibhithe maidir le comhoiriúnacht leictreamaighnéadach Fógra 1: Leis an gcaighdeán comhchuibhithe seo, ní thugtar aghaidh ar na ceanglais maidir le hastaíochtaí i mbandaí minicíochta faoi bhun 9 kHz agus dá bhrí sin, ní caighdeán é lena dtugtar le fios go nglactar leis go bhfuil comhréir ann maidir leis an bparaiméadar sin sa bhanda sin. Fógra 2: Ní thugtar le fios leis an gcaighdeán comhchuibhithe seo go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis an gceanglas fíor-riachtanach a leagtar amach in Airteagal 3(1), pointe (b), de Threoir 2014/53/AE, i gcás ina gcuirtear clásal 6 di i bhfeidhm.

Uimh.	Uimhir thagartha an chaighdeáin
172.	EN 301 908-23 V15.1.1 Líonraí ceallacha IMT; Caighdeán Comhchuibhithe maidir le rochtain ar speictream raidió; Cuid 23: Stáisiún Bunáite (SB) Chóras na hAeróige Gníomhaí (CAG); Eisiúint 15
173.	EN 301 908-24 V15.1.1 Líonraí ceallacha IMT; Caighdeán Comhchuibhithe maidir le rochtain ar speictream raidió; Cuid 24: Stáisiúin Bhunáite (SB) Raidió Nua (RN); Eisiúint 15
174.	EN 301 908-25 V15.1.1 Líonraí ceallacha IMT; Caighdeán Comhchuibhithe maidir le rochtain ar speictream raidió; Cuid 25: Trealamh Úsáideora (UE) Raidió Nua (NR); Eisiúint 15
175.	EN 303 363-2 V1.1.1 Braiteoirí Radair Faireachais Rialaithe Aerthráchta; Radar Faireachais Thánaistigh (SSR); Caighdeán Comhchuibhithe maidir le rochtain ar speictream raidió; Cuid 2: Monatóir cianréimse (FFM)
176.	EN 303 661 V1.1.1 Gairis Ghearr-raoin (SRD); Radar Cró Shintéisigh ar Thalamh (GBSAR) sa raon minicíochta 17,1 GHz go 17,3 GHz agus Radar Cró Shintéisigh Ardghléine ar Thalamh (HD-GBSAR) sa raon minicíochta 76 GHz go 77 GHz; Caighdeán comhchuibhithe maidir le rochtain ar an speictream raidió
177.	EN 303 687 V1.1.1 6 GHz WAS/RLAN; Caighdeán comhchuibhithe maidir le rochtain ar an speictream raidió Fógra 1: Leis an gcaighdeán comhchuibhithe seo, ní thugtar aghaidh ar ghairis chaolbhanda go leormhaith, mar a shainítear i gclásal 3.1 de, agus dá bhrí sin ní caighdeán é lena dtugtar le fios go nglactar leis go bhfuil comhréir ann maidir leis na gairis sin. Fógra 2: Ní thugtar le fios leis an gcaighdeán comhchuibhithe seo go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis an gceanglas fíor-riachtanach a leagtar amach in Airteagal 3(2) de Threoir 2014/53/AE, i gcás ina gcuirtear clásal B.7.2 di i bhfeidhm.
178.	EN 303 753 V1.1.1 Córais Tarchurtha Sonraí Leathanbhanda (WDTS) do Threalamh Raidió Móibíleach agus Seasta a oibrítear sa bhanda 57 - 71 GHz; Caighdeán comhchuibhithe maidir le rochtain ar an speictream raidió
179.	EN 304 220-1 V1.2.1 SRD tarchurtha sonraí banda fhairsing; Caighdeán Comhchuibhithe maidir le rochtain ar speictream raidió; Cuid 1: Feistí tarchurtha sonraí banda fhairsing: pointí rochtana líonra a oibrítear i mbandaí minicíochta 863 MHz go 868 MHz agus 915,8 MHz go 919,4 MHz
180.	EN 304 220-2 V1.2.1 SRD tarchurtha sonraí banda fhairsing; Caighdeán Comhchuibhithe maidir le rochtain ar speictream raidió; Cuid 2: Feistí tarchurtha sonraí banda fhairsing: nód foirceanta a oibrítear i mbandaí minicíochta 863 MHz go 868 MHz agus 915,8 MHz go 919,4 MHz'.